Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**14169/20**

**ENV 822**
**CLIMA 358**
**TELECOM 274**
**DIGIT 156**
**ENER 504**
**COMPET 650**
**RECH 535**
**MI 589**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Nollaig 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13957/20 |
| Ábhar: | Digiteáil ar mhaithe leis an gcomhshaol<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3782ú cruinniú dá cuid, an 17 Nollaig 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Digiteáil ar mhaithe leis an gcomhshaol**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI:

- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Iúil maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh "Next Generation EU" (NGEU)[1]
- Conclúidí ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an gclaochlú digiteach[2]

Na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir le

- Comhaontú Glas don Eoraip[3]
- Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú[4]
- Straitéis Eorpach le haghaidh sonraí[5]
- An Páipéar Bán ar an Intleacht Shaorga - Cur chuige Eorpach i leith an bhairr feabhais agus na hiontaoibhe[6]
- Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche[7]
- *EU Biodiversity Strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol][8]
- Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol[9]
- Imscaradh slán 5G san Aontas Eorpach – Bosca uirlisí an Aontais a chur chun feidhme[10]
- Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip[11]

---

1 EUCO 10/20.
2 EUCO 13/20.
3 15051/19 + ADD 1 - COM(2019) 640 final + Iarscríbhinn.
4 6237/20 - COM(2020) 67 final.
5 6250/20 - COM(2020) 66 final.
6 6266/20 - COM(2020) 65 final.
7 6766/20 + ADD 1 - COM(2020) 98 final.
8 8219/20 + ADD 1 - COM(2020) 380 final + Iarscríbhinn.
9 8280/20 + ADD 1 - COM(2020) 381 final.
10 5664/20 - COM(2020) 50 final.
11 6782/20 - COM(2020) 102 final.

– Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe dhigiteach[12]
– *Powering a climate-neutral economy: An EU Strategy for Energy System Integration* [Geilleagar aeráidneodrach a chumhachtú: Straitéis an Aontais maidir le Comhtháthú Córais Fuinnimh][13]
– [Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht – I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsaineach][14]

Na tograí ón gCoimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

– Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030[15]
– Rialachán maidir le Rialachas Sonraí san Eoraip (an Gníomh um Rialú Sonraí)[16]
– Rialachán maidir le cadhnraí agus cadhnraí dramhaíola[17]

Na Conclúidí ón gComhairle maidir leis na nithe seo a leanas:

– Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú[18]
– Tuilleadh ciorclaíochta - An t-aistriú chuig sochaí inbhuanaithe[19]
– Eoraip ard-digiteach don tréimhse ó 2020 amach: Borradh a chur faoin iomaíochas digiteach agus eacnamaíoch ar fud an Aontais agus comhtháthú digiteach[20]
– Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 – An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile[21]
– Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach[22]
– Ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas[23]

---

12 6783/20 - COM(2020) 103 final.
13 9389/20 - COM(2020) 299 final.
14 11976/20 - COM(2020) 667 final.
15 11987/20 - COM(2020) 652 final.
16 13351/20 - COM(2020) 767 final.
17 13944/20 + ADD 1 - COM(2020) 798 final + Iarscríbhinní.
18 8711/20.
19 12791/19.
20 10102/19.
21 14835/19.
22 12210/20.
23 14167/20.

Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI a thábhachtaí atá Ionstraim Théarnaimh an Aontais *Next Generation EU* (NGEU), an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), agus na pacáistí náisiúnta athchóiriúcháin agus infheistíochta chun an tAontas a chur go daingean ar bhealach i dtreo téarnamh inbhuanaithe agus athléimneach agus tacú le tosaíochtaí glasa agus digiteacha an Aontais san am céanna; Á ATHDHEARBHÚ DI gur cheart le fírinne go rannchuideodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leis an aistriú glas agus leis an gclaochlú digiteach; IS DÍOL SÁSAIMH DI na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 2 Deireadh Fómhair 2020, ina luaitear go gcuirfear 20 % ar a laghad de na cistí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar fáil don aistriú digiteach, *inter alia* chun scaoileadh le hacmhainneacht iomlán na dteicneolaíochtaí digiteacha chun na cuspóirí uaillmhianacha a bhaineann leis an gcomhshaol agus le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach;

AGUS Í AG TACÚ LE "dúshlán dúbailte" an aistrithe ghlais agus an chlaochlaithe dhigitigh arna shainaithint ag an gCoimisiún; Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI go bhfuil gá le comhleanúnachas beartais agus dlúthchomhar i réimsí éagsúla beartais chun teacht ar réitigh ar an dúshlán dúbailte sin; Á CHUR I dTREIS DI an acmhainneacht a bhaineann leis an aistriú dúbailte chun poist nua ghlasa agus dhigiteacha a chruthú atá riachtanach don téarnamh eacnamaíoch tar éis phaindéim COVID-19; Á CHUR I dTÁBHACHT DI go mbeidh an ghné dhigiteach ríthábhachtach chun uaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach mar a leagtar amach iad i straitéis dhigiteach an Aontais "Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú"; Á MHEABHRÚ DI a thábhachtaí atá sé dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, lena n-áirítear mar bhealach chun comhleanúnachas beartais a áirithiú, chun dul i ngleic leis an dá dhúshlán sin ar bhealach iomlánaíoch agus córasach;

Á CHUR CHUN SUNTAIS DI go dteastaíonn tionscnaimh spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar an idirghníomhú idir an Straitéis Eorpach Dhigiteach agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus, ar an gcaoi sin, leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an digiteáil chun an comhshaol a chosaint, gníomhú ar son na haeráide agus an dúlra a chaomhnú, chomh maith le srian a chur ar thionchair dhíobhálacha na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na mbonneagar digiteach ar an gcomhshaol;

Agus an Coimisiún agus na Ballstáit Á nGRÍOSADH AICI chun tuiscint níos doimhne a fháil ar an tslí a bhféadfadh na teicneolaíochtaí digiteacha cur leis an inbhuanaitheacht agus anailís a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí an leas is fearr is féidir a bhaint as an acmhainneacht sin le beartais, *inter alia* trí bhíthin gníomhaíochtaí fadbhreathnaitheacha;

Á AITHINT DI gur féidir le feidhmchláir dhigiteacha agus teicneolaíochtaí digiteacha a bheith ina n-uirlisí cumhachtacha chun cosaint an chomhshaoil, caomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta, ciorclaíocht agus gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn; Á CHUR I dTREIS DI gur féidir leis an digiteáil cur leis an rathúnas agus leis an iomaíochas, an ceartas sóisialta a chothú, agus deiseanna rannpháirtíochta a fheabhsú; mar sin féin, Á AITHINT DI na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an digiteáil arís agus Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI go n-úsáideann próiseáil sonraí, na bonneagair dhigiteacha agus na feistí digiteacha níos mó agus níos mó amhábhar luachmhar agus fuinnimh luachmhair feadh slabhraí luacha agus soláthair domhanda le linn an deartha, na forbartha, na monaraíochta agus na húsáide, agus, sa tslí sin, go bhféadfaidh siad cur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, le truailliú, le díghrádú an dúlra, le caillteanas na bithéagsúlachta agus le giniúint dramhaíola; Á CHUR IN IÚL DI dá bharr sin go bhfuil gá le creat beartais fabhrach ionas go mbeifear in ann leas a bhaint as éifeachtaí dearfacha na digiteála agus srian a chur leis na míbhuntáistí éiceolaíocha a bhaineann leis san am céanna;

Á CHUR CHUN SUNTAIS DI gur réamhriachtanas é d'iomaíochas fadtéarmach agus d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Aontais bonneagair dhigiteacha ardfheidhmíochta, lena n-áirítear 5G agus líonraí leathanbhanda a bheidh ann amach anseo, a sholáthar go tapa;
Á CHUR I dTÁBHACHT DI sa mhéid sin na riachtanais dhigiteacha atá ag ceantair thuaithe agus sléibhe, ag ceantair iargúlta, ag ceantair inar lú an daonra agus ag oileáin tuaithe;

Á AITHINT DI an gá atá le claochlú digiteach atá cothrom agus cuimsitheach a chothú nach bhfágann aon duine ar lár, comhtháthú sóisialta agus iomaíochas agus a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh in acmhainneachtaí digiteacha na ndaoine chun an riosca maidir le deighilt dhigiteach a chosc agus IS DÍOL SÁSAIMH DI, dá bhrí sin, dearbhú comhpháirteach Bheirlín ó na Ballstáit i mí na Nollag 2020, maidir leis an tsochaí dhigiteach agus rialtas digiteach luachbhunaithe;

Á AITHINT DI a thábhachtaí atá sé gné idirnáisiúnta an bheartais dhigitigh a chur san áireamh, lena n-áirítear ábhair imní agus leasanna tíortha atá ag teacht chun cinn agus tíortha atá i mbéal forbartha trí chomhar le hinstitiúidí iltaobhacha;

Á CHUR CHUN SUNTAIS DI go bhfuil gá le sonraí iontaofa, inrochtana, inchomparáide, nasctha, ardcháilíochta agus cothrom le dáta a bhaineann le beartais chomhshaoil le haghaidh bheartas comhshaoil an Aontais atá bunaithe ar fhíricí agus le haghaidh réitigh shonraíbhunaithe do chosaint an chomhshaoil, d'oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe, agus do thaighde comhshaoil agus aeráide chomh maith le dlí comhshaoil an Aontais a chur chun feidhme go héasca agus faireachán éifeachtach a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thorthaí an bheartais sin;

Á AITHINT DI gur gá scileanna digiteacha agus litearthacht agus cultúr na nuálaíochta chun úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht agus chun glacadh leo;

Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le beartas taighde agus nuálaíochta an Aontais a neartú agus a nascadh ar bhealach níos fearr leis an inbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta agus leis an digiteáil chun torthaí taighde a ionchorprú go comhsheasmhach i bpróisis agus córais phraiticiúla nuálaíochta agus chun cláir ábhartha tacaíochta a dhíriú chun na críche sin;

**Spás sonraí Eorpach don Chomhaontú Glas don Eoraip**

1. CUIREANN SÍ I dTREIS gurb iad bailiú, éascú rochtana, próiseáil, úsáid, comhroinnt agus anailísiú sonraí an bunús chun tacú le ceapadh beartais fhianaise-bhunaithe don eolas, don taighde agus don nuálaíocht, agus cur chun feidhme na mbeart lena gcuirtear le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip chomh maith le téarnamh agus iomaíochas fadtéarmach na hEorpa; TACAÍONN SÍ le bunú spásanna sonraí Eorpacha i limistéir straitéiseacha mar a chuirtear i láthair iad sa straitéis Eorpach maidir le sonraí, chomh maith le rialacha comhchoiteanna maidir le hinneachar sonraí, formáidí, cáilíocht agus nósanna imeachta íosta don rochtain agus malartú sonraí; TACAÍONN SÍ go háirithe le spás sonraí don Chomhaontú Glas don Eoraip a bhunú ina mbeidh gníomhaithe poiblí agus príobháideacha chun malartú gach cineáil sonraí ábhartha a éascú lena n-áirítear sonraí Copernicus, tacair sonraí phoiblí ardluacha agus sonraí ón earnáil phríobháideach maidir le hearnálacha ábhartha;

2. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a ríthábhachtaí atá bonneagar néalríomhaireachta Eorpach agus seirbhísí gaolmhara ardfheidhmíochta chun ceannasacht dhigiteach agus iomaíochas digiteach an Aontais a neartú agus gur réamhriachtanas iad chun tairbhe iomlán a bhaint as an ngeilleagar sonraí; IS DÍOL SÁSAIMH DI an dearbhú comhpháirteach ó na Ballstáit "An chéad ghlúin eile den néal a thógáil do ghnólachtaí agus don earnáil phoiblí san Aontas"; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart don bhonneagar seo féachaint leis na caighdeáin is airde a bhaint amach ó thaobh na cibearshlándála, na cosanta sonraí, na héifeachtúlachta fuinnimh, na hidir-inoibritheachta agus na trédhearcachta a chuireann leis an inbhuanaitheacht agus IARRANN SÍ ar na gníomhaithe ábhartha éifeachtúlacht acmhainní agus ábhair a chur san áireamh freisin;

3. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún in éineacht leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha eile scrúdú a dhéanamh ar a mhéid atá sonraí gnólachtaí, taighde, riarachán, tomhaltóirí agus saoránach a bhaineann leis an gcomhshaol ar fáil nó inchurtha ar fáil agus inúsáidte i ndáil le ceapadh agus cur chun feidhme beartas comhshaol ag údaráis phoiblí;
CUIREANN SÍ I dTREIS gur ga tús áite do leas an phobail a áirithiú, lena n-áirítear ardleibhéal cosanta don chomhshaol, agus rúin ghnó agus trádála a chosaint agus príobháideacht, cosaint sonraí agus cearta maoine intleachtúla a áirithiú ag an am céanna, i gcomhréir le hoibleagáidí an Aontais féin agus na mBallstát féin maidir le comhroinnt sonraí agus le rialacha cosanta sonraí;

4. CUIREANN SÍ I dTREIS acmhainneacht chlár an Aontais um fhaire agus um fhaireachán na Cruinne, Copernicus, agus na sonraí na cianbhraiteachta mar ionstraimí chun Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme agus comhlíonadh beartas comhshaoil a neartú; agus MOLANN SÍ, dá bhrí sin, don Choimisiún ábhar, rialachas agus fheidhmeanna thionscadal Cheann Scríbe: an Domhain (cúpla digiteach an Domhain) a fhorbairt a thuilleadh chun gur fearr a dhéanfar forbairtí ar an bpláinéad a shamhlú, a bhreathnú, a thuar agus a bhainistiú;

5. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) a neartú mar cheann de na príomhsholáthraithe faisnéise comhshaoil atá tráthúil, spriocdhírithe, ábhartha, iontaofa agus inchomparáide, a úsáideann inter alia na sonraí a chuireann na Ballstáit ar fáil i gcomhthéacs INSPIRE do lucht ceaptha beartas agus don phobal agus comhsheasmhacht sonraí agus sineirgí leis an bhfaisnéis a chuireann an Córas Staidrimh Eorpach agus údaráis inniúla eile ar fáil á gcur san áireamh;

6. ADMHAÍONN SÍ gur gá rochtain, úsáid agus próiseáil sonraí a bhaineann le beartais chomhshaoil a bharrfheabhsú agus a chaighdeánú i gcomhréir leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus leis an Treoir INSPIRE[24] chomh maith le cearta maoine intleachtúla; ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún, in éineacht leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí, ceanglais a fhorbairt a thuilleadh le haghaidh formáidí idir-inoibritheacha agus meaisín-inléite sonraí agus seirbhíse, comhéadain ríomhchláraithe feidhmchláir agus oll-íoslódáil thar theorainneacha earnála agus ar leibhéil riaracháin d'fhonn leas a bhaint as acmhainneacht na nuálaíochta. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé malartú sonraí a éascú laistigh de na Ballstáit agus eatarthu agus idir-inoibritheacht sonraí laistigh de spásanna sonraí thar earnálacha a éascú mar a leagtar amach sa Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta iad; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór díriú a thuilleadh ar ábharthacht sonraí agus úsáid eolaíocht na saoránach agus ardteicneolaíochtaí digiteacha a úsáid, amhail braiteoirí nó an intleacht shaorga (AI);

7. MOLANN SÍ do na Ballstáit úsáid a bhaint as na cláir Eorpacha atá ann cheana chun feidhmchláir agus seirbhísí eiseamláireacha so-in-athchruthaithe a cheapadh le sonraí ábhartha a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú chun tacú le comhlíonadh na bhforálacha comhshaoil Eorpacha agus le forfheidhmiú dlí comhshaoil an Aontais, i bhfianaise na dtosaíochtaí atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip;

8. AITHNÍONN SÍ nach mór coinníollacha rochtana agus athúsáide a chomhchuibhiú le haghaidh sonraí comhshaoil agus caighdeáin cosanta sonraí an Aontais agus cearta maoine intleachtúla á n-urramú ag an am céanna, chun réiteach a fháil ar shaincheisteanna maidir le samhlacha éagsúla ceadúnaithe, éiginnteachtaí dlíthiúla agus iarracht bhreise d'úsáideoirí;

---

[24] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid, IO L 172, 6.6.2019, lch. 56, agus Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE), IO L 108, 25.4.2007, lch. 1.

9. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit tacú le Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) chun straitéis dhomhanda sonraí comhshaoil a fhorbairt agus "Seomra Staide an Chomhshaoil Dhomhanda" a bhunú, agus tacú freisin le tíortha atá ag teacht chun cinn agus atá i mbéal forbartha chun bonneagar a bhunú chun sonraí a bhaineann leis an gcomhshaol a chlárú agus chun na tíortha sin a chomhtháthú sna hiarrachtaí thuasluaite chun sonraí a bhaineann leis an gcomhshaol a bhailiú, a anailísiú, a úsáid agus a mhalartú;

**Réitigh dhigiteacha a ghiaráil chun feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil, ar ghníomhú ar son na haeráide, ar chaomhnú an dúlra agus ar an gciorclaíocht**

10. AITHNÍONN SÍ gur luamhán den scoth é an digiteáil chun dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, ciorclach agus níos athléimní; MOLANN SÍ don Choimisiún, do na Ballstáit agus do na geallsealbhóirí acmhainneacht ollmhór na digiteála a fhiosrú a thuilleadh, agus leas a bhaint as chun cuidiú leis an Aontas spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an t-aistriú chuig aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050; AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé d'acmhainn ag an digiteáil laghdú ar astaíochtaí sna hearnálacha éagsúla a éascú agus oiriúnú don athrú aeráide a fheabhsú, *inter alia* trí chur le cumas an Aontais tubaistí a bhaineann leis an aeráid a thuar agus a bhainistiú;

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tosú ag obair leis na geallsealbhóirí ábhartha chun modúlachtaí measúnaithe agus faireacháin atá comhsheasmhach agus trédhearcach a fhorbairt agus rannchuidiú na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) leis an aistriú glas a uasmhéadú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na geallsealbhóirí ábhartha treoirlínte agus moltaí a tharraingt suas d'earnálacha éagsúla chun úsáid réiteach digiteach atá neamhdhíobhálach don aeráid agus don chomhshaol agus ag an am céanna éifeachtúlacht acmhainní, ábhair agus fuinnimh a mhéadú agus éifeachtaí athfhillteacha a sheachaint;

12. ADMHAÍONN SÍ gur féidir le himscaradh éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha cabhrú leis an bhfás a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní agus a tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS maidir leis sin acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha agus sonraíbhunaithe chun ciorclaíocht a fheabhsú trí dhearadh níos fearr táirgí agus próiseas, comhordú sa slabhra luacha, laghdú na gcostas idirbhirt, feabhsú na lóistíochta aisiompaithe, na bróicéireachta, na gcóras comhroinnte agus comhoibríocha, faisnéis níos fearr faoi tháirgí do tháirgeoirí, do thomhaltóirí agus d'athchúrsálaithe, agus bainistiú dramhaíola níos fearr; AITHNÍONN SÍ gur féidir, trí úsáid TCF, tuilleadh samhlacha gnó ciorclacha a bheith ann a dhéanfaidh an leas is fearr is féidir as seirbhísíocht, fíoraíocht agus dí-ábharú sócmhainní a éascú, feidhmiú ardán le haghaidh rianú, comhroinnt agus athúsáid táirgí agus ábhar a éascú, lena mbainfear amach láimhseáil ábhar níos éifeachtaí, agus lena laghdófar dramhaíl;

13. ADMHAÍONN SÍ acmhainneacht na réiteach digiteach chun stoic agus sreabha acmhainní, lena n-áirítear amhábhair thánaisteacha, agus a rianú agus faireachán agus anailís a dhéanamh orthu, agus feabhas a chur ar a leithdháileadh agus ar an leas is fearr a bhaint astu, agus chun trédhearcacht a chruthú feadh slabhraí domhanda soláthair agus luacha le haghaidh gach geallsealbhóir, mar mhodh chun rannchuidiú le hacmhainní nádúrtha agus bithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe agus cinntí stuama tomhaltóirí a chur chun cinn i ngeilleagar ciorclach;

14. IARRANN SÍ go ndéanfaidh an tAontas tionscnaimh chun infhaighteacht agus sreabhadh faisnéise feadh slabhraí domhanda soláthair agus luacha a fheabhsú agus chun geilleagar ciorclach a thógáil le timthriallta ábhair atá slán ó thaobh na héiceolaíochta de, dúnta, glan, neamhthocsaineach agus sábháilte, chun comhar agus comhaontú a éascú idir gníomhaithe sa mhargadh maidir leis an bhfaisnéis ba cheart a chur ar fáil, agus critéir shoiléire á n-áirithiú ag an am céanna maidir le húsáid agus cosaint na faisnéise sin i gcomhréir creataí dlíthiúla an Aontais; MOLANN SÍ don Choimisiún ceanglais rialála maidir le faisnéis faoi tháirgí a fhorbairt agus geallsealbhóirí a thionól chun prótacail, tacsanomaíochtaí agus aicmithe a chomhaontaítear go frithpháirteach a fhorbairt chun comhroinnt faisnéise feadh slabhraí luacha a éascú; IS DÍOL SÁSAIMH DI, dá bhrí sin, an fógra maidir le spás coiteann Eorpach sonraí d'fheidhmchláir chiorclacha chliste lena gcuirfear an ailtireacht agus an córas rialachais ar fáil chun dlús a chur le feidhmchláir agus seirbhísí amhail pasanna táirgí, mapáil acmhainní agus faisnéis do thomhaltóirí agus ÁITÍONN SÍ ar na Ballstáit, ar na gníomhaithe eacnamaíocha ábhartha agus tríú páirtithe rannchuidiú leis sin;

15. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún togra a thabhairt ar aghaidh maidir le pas táirgí digiteach, i gcomhthéacs an chreata beartais do tháirgí digiteacha, lena gcumasófar rianú agus lorgaireacht agus lena n-áiritheofar rochtain ar fhaisnéis faoi tháirgí agus a gcomhpháirteanna a mhéid a bhaineann lena dtionscnamh agus lena gcomhdhéanamh lena n-áirítear substaintí ar údar imní iad, na féidearthachtaí athúsáide, deisiúcháin, díchóimeála agus athchúrsála a bhaineann leo agus faisnéis faoina láimhseáil deireadh ré chomh maith lena lorg agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil chun táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe a éascú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na tacair sonraí atá ann cheana a úsáid mar thúsphointe; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treoirthionscadail a sheoladh, ina mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach chun pasanna táirgí digiteacha a fhorbairt le haghaidh na bpríomhshlabhraí luacha táirgí sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, ag tosú le ceallraí feithiclí leictreacha in 2021;

16. AITHNÍONN SÍ acmhainneacht na réiteach digiteach chun cuspóirí uaillmhianacha Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 a bhaint amach; IS DÍOL SÁSAIMH DI gur sheol an Coimisiún Lárionad Eolais Eorpach maidir leis an mBithéagsúlacht i nDeireadh Fómhair 2020; MOLANN SÍ don Choimisiún feabhas a chur ar bhailiú agus ar mhalartú sonraí comhshaoil agus na sonraí ó earnálacha ábhartha eile agus ar an bhfaireachán a dhéantar ar na sonraí sin; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún barrfheabhsú bainistithe sonraí agus úsáid fhreagrach na dteicneolaíochtaí digiteacha amhail an intleacht shaorga, cianbhraiteoireacht, anailís mórshonraí agus an róbataic a chur chun cinn chun eolas an Aontais agus a Bhallstáit faoi speicis agus faoina ngnáthóga a fheabhsú chun a bheith ina cheannródaí maidir le caomhnú, athbhunú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta agus maidir le faireachán a dhéanamh uirthi ionas go gcuideofar le meath na bithéagsúlachta a chomhrac ar an gcaoi sin; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún uirlisí measúnúcháin le haghaidh na bithéagsúlachta a fhorbairt bunaithe ar shonraí iontaofa agus ar theicneolaíochtaí digiteacha chun Creat Bithéagsúlachta iar-2020 an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh air ar bhealach níos fearr;

17. MOLANN SÍ don Choimisiún comhroinnt eolais agus comhar a éascú a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus modhanna nuálacha ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht agus ar éiceachórais agus le faireachán agus tuairisciú ginearálta a dhéanamh ar an gcomhshaol trí bhíthin fóraim teicniúil tiomnaithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún agus TUIGEANN SÍ go bhféadfadh go mbeadh gá leis na ceanglais faireacháin agus tuairiscithe dhlíthiúla a choigeartú chun dul i muinín teicneolaíochtaí nua agus IARRANN SÍ go ndéanfaí uirlisí faisnéise leictreonacha agus córais dhigiteacha um fhaisnéis chomhshaoil a fhorbairt, a chothabháil, a uasghrádú agus a úsáid ar mhaithe le faisnéis chomhshaoil a scaipeadh ar bhonn gníomhach ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun go bhfaighfear an fhaisnéis chruinn san fhoirm cheart ag an am ceart agus chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú;

18. MOLANN SÍ don Chomhairle clár oibre beartais uaillmhianach a fhorbairt ar mhaithe le réitigh dhigiteacha a úsáid chun an uaillmhian maidir le truailliú nialasach a bhaint amach agus bailiú, anailís, bainistiú agus tuairisciú sonraí a bhaineann le gach cineál truaillithe a chur chun cinn; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tacú le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus geallsealbhóirí eile agus dul i dteagmháil leo chun tacú le straitéisí áitiúla ar mhaithe le claochlú glas agus digiteach;

**Infheistíochtaí i réitigh dhigiteacha chun an geilleagar agus an tsochaí a chlaochlú ar bhealach inbhuanaithe**

19. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart don Aontas agus a Bhallstáit leas a bhaint as a n-acmhainneachtaí chun maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil do na heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin (lena n-áirítear na forbairtí riachtanacha ar chrua-earraí agus bonneagar slán sonraí), amhail an intleacht shaorga, blocshlabhra, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, agus an ríomhaireacht ardfheidhmíochta, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin, chun cur le gnóthú spriocanna comhshaoil agus aeráide, le fás eacnamaíoch a bheidh cuimsitheach, cóir go sóisialta agus inbhuanaithe agus leis an iomaíochas agus an rathúnas a fheabhsú;

20. ATHDHEARBHÍONN SÍ gur cheart leas a bhaint as CAI agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chomh maith le pleananna náisiúnta téarnamh agus athléimneachta chun infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a spreagadh; CUIREANN SÍ i dTREIS gur gá díriú ar shineirgí idir an digiteáil agus an inbhuanaitheacht i gcláir chistiúcháin an Aontais agus go bhfuil gá le tionscnaimh shineirgisteacha i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta don aistriú digiteach agus glas; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an cistiú chun críoch na digiteála agus na hinbhuanaitheachta a ailíniú ar bhealach níos fearr chun réitigh dhigiteacha inbhuanaithe a dhreasú agus chun leas a bhaint as cistiú ón Aontas, ó na Ballstáit agus ón earnáil phríobháideach chun rochtain ar mhaoiniú cothromais a mhéadú le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna luathchéime a dhíríonn ar imscaradh teicneolaíochtaí digiteacha suaiteacha le haghaidh réitigh teicneolaíochta glaine agus chun na gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna sin a mhéadú;

21. TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shlógadh, lena n-áirítear trí bhíthin pleananna téarnaimh agus athléimneachta, i dteicneolaíochtaí digiteacha a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil a bhaint amach, agus in TFC atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus feasacht a mhúscailt laistigh den gheilleagar, go háirithe san earnáil airgeadais, i leith infheistíochtaí inbhuanaithe, go háirithe trí úsáid leordhóthanach a bhaint as an tacsanomaíocht i dtaca le maoiniú inbhuanaithe mar thagairt agus tríd an tacsanomaíocht a chomhlánú go pras;

22. AITHNÍONN SÍ an gá atá le tacaíocht chórasach fhadtéarmach do nuálaíochtaí inbhuanaithe; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá go mbeadh ionchur leanúnach ann trí bhíthin taighde bunaithe ar struchtúir stóinsithe taighde agus nuálaíochta i mbeartas uaillmhianach comhshaoil agus aeráide; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór an acmhainneacht nuálaíochta dhigiteach atá sa phlé faoi chosaint an chomhshaoil agus faoi ghníomhú ar son na haeráide a neartú trí bhíthin ionstraimí tacaíochta agus dreasachta spriocdhírithe; MOLANN SÍ do na Ballstáit an taithí agus na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le glacadh réiteach agus teicneolaíochtaí nuálacha agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an malartú sin a éascú;

**Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol**

23. AITHNÍONN SÍ an gá práinneach atá le bonneagair dhigiteacha a fhorbairt agus CUIREANN SÍ I dTREIS ag an am céanna a riachtanaí atá sé a áirithiú go ndéanfar na bonneagair sin a dhearadh agus a imscaradh ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, acmhainní agus ábhair agus trí úsáid níos mó a bhaint as amhábhair thánaisteacha; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an easpa faisnéise cuimsithí a mhéid a bhaineann le tionchar glan na digiteála ar an gcomhshaol; agus IARRANN SÍ, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar thomhaltas foriomlán fuinnimh, acmhainní agus uisce, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar astaíochtaí sna meáin chomhthimpeallacha, ar dhíghrádú an dúlra agus ar ghiniúint dramhaíola i réimsí éagsúla TFC; IARRANN SÍ thairis sin ar an gCoimisiún tús a chur láithreach leis an obair maidir le táscairí agus caighdeáin chomhsheasmhacha a fhorbairt chun gníomhaíochtaí a dhíriú go héifeachtach ar iarmhairtí diúltacha na digiteála ar an gcomhshaol a laghdú agus chun teacht ar chomhaontú maidir le caighdeáin den sórt sin san fhadtéarma ar an leibhéal domhanda chun cuir chuige bunaithe ar fhianaise agus ar shonraí a éascú agus chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar na hiarmhairtí sin;

24. ADMHAÍONN SÍ gur féidir deiseanna margaidh a thapú agus iomaíochas earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide san Eoraip a mhéadú agus go mbeifear in ann rannchuidiú leis an gcomhshaol trí réitigh dhigiteacha (e.g. dí-ábharú, gnóthachain éifeachtúlachta) a bhuí le dearadh, táirgeadh agus úsáid theicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de san Eoraip;

25. IS DÍOL SÁSAIMH DI sprioc an Choimisiúin maidir le lárionaid sonraí aeráidneodracha atá fíoréifeachtúil ó thaobh acmhainní, fuinnimh agus ábhar de a bheith ann faoi 2030 agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dá bharr sin bearta rialála nó neamhrialála a mholadh gan mhoill, i gcomhréir leis na torthaí ó mheasúnú tionchair mionsonraithe, agus ionstraimí rialachais agus margaidh a chur chun feidhme chun tacú le doiciméadú caighdeánaithe, le trédhearcacht agus le lorg comhshaoil na lárionad sonraí agus na líonraí cumarsáide a laghdú. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh na bearta agus na hionstraimí sin ina rannchuidiú le córas fuinnimh atá níos ciorclaí a thógáil mar a leagtar amach i Straitéis an Aontais maidir le Comhtháthú Córais Fuinnimh; MOLANN SÍ do na Ballstáit na critéir nua ón gCoimisiún maidir le soláthar poiblí glas i ndáil le lárionaid sonraí agus néalseirbhísí a úsáid ina bpleananna gníomhaíochta náisiúnta um sholáthar poiblí;

26. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le caighdeáin a shainiú agus dreasachtaí a leagan síos maidir le TFC, agus seirbhísí a dhearadh, a fhorbairt agus a oibriú atá marthanach, comhoiriúnach ó thaobh na haeráide de agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní, fuinnimh agus ábhair, san Eoraip agus ar fud an domhain freisin; AITHNÍONN SÍ go ndéantar difear go háirithe, le dúshaothrú amhábhar agus le táirgeadh, úsáid agus diúscairt tháirgí TFC, do thíortha atá ag teacht chun cinn agus atá i mbéal forbartha; MOLANN SÍ don Choimisiún féachaint ar bhealaí chun trédhearcacht mhéadaithe a chur ar fáil faoi lorg carbóin, acmhainne, fuinnimh, ábhair agus comhshaoil tháirgí agus sheirbhísí TFC do thomhaltóirí d'fhonn roghanna eolasacha a chothú; TACAÍONN SÍ leis an togra ón gCoimisiún an Tionscnamh um Leictreonaic Chiorclach a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach a chur i láthair;

27. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún ceanglais éicidhearthóireachta atá ann cheana a bhunú nó a choigeartú le haghaidh córais TFC, leictrigh agus gléasanna leictreonacha atá fuinneamhéifeachtúil chun in-athúsáideacht, marthanacht, indeisitheacht agus in-athchúrsáilteacht a mhéadú, chun éascaíocht nuashonruithe a fheabhsú, chun eastóscadh agus athúsáid ábhar criticiúil ó dhramhaíl leictreonach a éascú, agus chun substaintí guaiseacha a shrianadh; MOLANN SÍ don Choimisiún breathnú ar ionstraimí chun na caighdeáin sin a chur chun cinn go hidirnáisiúnta freisin; MOLANN SÍ don Choimisiún freisin coigilt na n-amhábhar a phlé trí ábhar ábhair athchúrsáilte a ghlacadh i dtáirgí TFC; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún togra a chur ar aghaidh faoi 2021 chun feabhas a chur ar indeisitheacht táirgí TFC, lena n-áirítear nuashonruithe le haghaidh bogearraí, mar a bheartaítear sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach; AITHNÍONN SÍ go mbeidh gá le glúin nua gléasanna lena n-úsáidtear 5G, agus dá bhrí sin LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le gníomhaíocht uaillmhianach chun gléasanna atá as dáta nó atá imithe i léig a bhailiú agus a athchúrsáil;

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhoibriú le geallsealbhóirí ábhartha chun réitigh a fhorbairt go comhpháirteach lena dtabharfaí aird níos fearr ar éifeachtúlacht fuinnimh, acmhainní agus ábhair chomh maith le critéir na hin-athchúrsáilteachta, na hin-athúsáideachta agus na hindeisitheachta ag deireadh ré le linn na mearthimthriallta nuálaíochta i gcatagóirí táirgí ardteicneolaíochta; i ndáil leis an méid sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ionstraimí agus dreasachtaí a fhorbairt faoi chuimsiú an Tionscnaimh don Leictreonaic chiorclach chun dinimic na ngníomhaithe margaidh réamhghníomhacha a ionchorprú agus plean gníomhaíochta a chur i láthair faoi dheireadh 2021 maidir le conas líon na dtáirgí TFC diúscartha a laghdú go suntasach faoi 2025;

29. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach, d'iomaíochas fadtéarmach gheilleagar na hEorpa agus chun seirbhísí a chur chun feidhme chun inbhuanaitheacht a fheabhsú, go ndéanfaí líonraí gigighiotáin fosaithe a rolladh amach go gasta mar aon le teicneolaíocht 5G agus glúnta todhchaíoch de líonraí agus de bhonneagar leathanbhanda cheallaigh a imscaradh go gasta agus go héifeachtúil; MOLANN SÍ do na Ballstáit dea-chleachtais a fhorbairt chun imscaradh líonraí nua cumarsáide leictreonaí a dhreasú agus, go háirithe, líonraí fíor-ardacmhainne, a mbeidh lorg comhshaoil laghdaithe acu i gcomhréir le Moladh (AE) 2020/1307 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2020 agus an tsláinte phoiblí á háirithiú gan moill a chur ar imscaradh na líonraí;

30. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an t-éileamh ar tháirgí, seirbhísí agus réitigh TFC atá neamhdhíobhálach don chomhshaol sa soláthar poiblí a neartú trí aird a thabhairt ar ghnéithe comhshaoil agus dálaí an mhargaidh á gcur san áireamh, mar go gcabhrófar leis sin réitigh dhigiteacha inbhuanaithe a scaipeadh, agus MOLANN SÍ do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as soláthar poiblí glas chun an t-éileamh ar gach cineál táirgí agus seirbhísí TFC a spreagadh bunaithe ar dhea-chleachtais;

**An intleacht shaorga (AI) a úsáid chun cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn**

31. AITHNÍONN SÍ go bhféadfar, le húsáid na hintleachta saorga, cur go mór le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach agus cabhrú le cothromaíocht a chothú idir leasanna comhshaoil agus aeráide agus an gá atá ann an t-iomaíochas a neartú; TACAÍONN SÍ le dearcadh an Choimisiúin gur cheart an creat reachtach Eorpach maidir leis an intleacht shaorga a bheith bunaithe ar chur chuige deisbhunaithe agus rioscabhunaithe; TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór an cur chuige sin a phlé a thuilleadh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart cosaint an chomhshaoil agus na haeráide a aithint freisin mar ábhair imní d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht an cur chuige Eorpach maidir le sármhaitheas agus muinín san intleacht shaorga don ghníomhú ar son na haeráide agus do chosaint an chomhshaoil, ag díriú ag an am céanna ar na tionchair dhiúltacha dhíreacha agus indíreacha a d'fhéadfadh a bheith ag an Intleacht Shaorga ar an gcomhshaol agus féachaint ar bhearta chun na tionchair sin a laghdú; MOLANN SÍ do na Ballstáit an taithí agus na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le forbairt agus glacadh na hintleachta saorga sa réimse sin a roinnt le chéile agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bealaí a mholadh chun an malartú sin a éascú;

32. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún béim a leagan ar leibhéil arda dea-bhaile sóisialta agus éiceolaíocha mar phrionsabal tábhachtach den intleacht shaorga sa Phlean Comhordaithe nuashonraithe, mar a mholtar sa pháipéar bán maidir leis an intleacht shaorga; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart réiteach na ndúshlán sóisialta agus comhshaoil a chur san áireamh i bhforbairt na hintleachta saorga a luaithe is féidir ('inbhuanaitheacht trí dhearadh'), mar shampla trí bhreithniú ar úsáid chomhcheangailte a bhaint as cineálacha cur chuige sonraíbhunaithe agus samhailbhunaithe nach bhfuil ag brath chomh mór sin ar mhéideanna móra sonraí;

33. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeidh gá le gléasanna IoT atá níos nasctha fós chun sonraí ábhartha a bhaineann le meaisíní agus le táirgí a bhailiú ar feadh a saolré ar fad chun lánúsáid a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga; AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí, leis na gléasanna sin, go háirithe gléasanna a bhfuil acmhainn na himeall-ríomhaireachta iontu, an t-aga folaigh a laghdú, an bandaleithead a fheabhsú agus coigiltis fuinnimh a ghnóthú trí aistrithe sonraí a mhaolú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tionchair fhás ghléasanna IoT agus an aistrithe ionsar an imeall-ríomhaireacht a imscrúdú a thuilleadh agus é á áirithiú ag an am céanna go ndéanfar, leis na critéir éicidhearthóireachta le haghaidh na ngléasanna sin, ardchaighdeáin ó thaobh marthanachta, chomh maith le héifeachtúlacht acmhainní, ábhair agus fuinnimh, a choimirciú;

**Tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht a neartú**

34. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart, trí bheartas taighde an Aontais agus tacaíocht an Aontais do nuálaíochtaí faoi chur chuige an Taighde agus na Nuálaíochta Freagraí, rannchuidiú chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR sa chomhthéacs sin nach mór do chreatchlár nua taighde an Aontais, Fís Eorpach, rannchuidiú le haistriú, idir dhigiteach agus inbhuanaithe, a chur chun cinn agus ar an gcaoi sin neartófar an claochlú agus an taighde claochlaitheach;

35. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil sé ríthábhachtach an taighde agus an nuálaíocht a neartú chun tacú le TFC a fhorbairt a bheidh deartha go hinbhuanaithe, chomh maith le húsáid agus príomhshruthú réiteach digiteach lena gcuirtear an inbhuanaitheacht chun cinn; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá, leis an gClár don Eoraip Dhigiteach agus le Clár SCE2-Digiteach, tacú leis an nuálaíocht agus le himscaradh teicneolaíochtaí, bonneagair agus seirbhísí digiteacha chun tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip;

36. IARRANN SÍ go ndéanfaí an t-idirghníomhú idir an inbhuanaitheacht agus an digiteáil a chomhtháthú i bhforbairt leanúnach an Limistéir Eorpaigh Taighde d'fhonn anailís a dhéanamh ar na riachtanais taighde a bheidh ann amach anseo agus chun réitigh straitéiseacha a fhorbairt trí mhalartú feabhsaithe idir na geallsealbhóirí ábhartha ar fud an phobail eolaíochta agus níos faide i gcéin; MOLANN SÍ don Choimisiún an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) a fhorbairt a thuilleadh chun go mbeidh sí ina pobal eolais agus nuálaíochta a bheidh bunaithe ar chomhar i réimsí na heolaíochta, an tionscail agus na sochaí;

37. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le comhar níos fearr agus malartú dea-chleachtas maidir le réitigh dhigiteacha don chomhshaol idir Ballstáit an Aontais trí 'éiceachórais dhigiteacha' a chur chun cinn ar fud an Aontais, ag cloí leis na réimsí tosaíochta a chuirtear chun cinn sa Chlár don Eoraip Dhigiteach; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le hionaid tástála agus spásanna turgnamhacha chun nuálaíochtaí comhshaoil a spreagadh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit treoirthionscadail trasteorann a bhunú lena n-úsáidfí teicneolaíochtaí digiteacha cumasúcháin chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach, leis an inbhuanaitheacht agus le spriocanna éifeachtúlachta in earnálacha na feirmeoireachta, na soghluaisteachta, na tógála, na monaraíochta, an fhuinnimh agus in earnálacha eile.